**<u>Barr an tSléibhe</u>** (Séamas 'Ac Oscair)

Ó, is a Mháire tá díchéille ort mura dté tú liom 'un tsléibhe
Na fág anseo liom fhéin mé go huaigneach ins an oíche,
Tá do theach mór dhá dhéanamh faoi sheomraí geala ina éadain,
Agus beidh muid ann go haerach mo léan ar bheagán cíos.

Is dhá bhfeicfeá barr an tsléibhe nuair a bhíonn an ghrian ag éirí,
Níl duibheacán sa spéir ann na gangaid in san ngaoth,
Tá na broic ar thaobh an léana, tá an sionnach rua ar na péaca,
Is tá an giorria ag bocléimní le pléisiúr in san bhfraoch.

Tá úth na mba ag pléascadh ann ag teacht abhaile ag géimneach,
Is binn deas ceol na n-éan ann in sna gleannta teacht na hoíche,
Tá an fear is an bhean in éineacht go grámhar lena chéile,
is an seanduine a bheadh na céadta bliain níorbh fhada leis an oíche.

Tá coirce bán is eorna ann, tá fataí is rud go leor ann,
Tá cuireadh ag lucht bóthair ann is fáilte roimh gach n-aon;
Tá Ó Raghallaigh ag seinm ceoil ann, tá fíon, tá brandy is beoir ann,
I gcomhluadar daoine móra tá an t-airgead á roinnt.

Tá an still ag rith i gcónaí 's na baraillí á líonadh,
Tá cuireadh ag clann na ríthe a bheith go síoraí ann ag ól,
Ta an sagart ann is cóire dhá bhfaighfeá in aon deoise,
A Mháire, tóg mo chomhairle, ó éirigh is éalaigh liom.